# PLEAN GNÓ FHORAS NA GAEILGE 2026

Faofa ag an gComhairle Aireachta Thuaidh Theas

3 Nollaig 2025

## 1. Réamhrá an Phríomhfheidhmeannaigh

Tá lúcháir orm an dréacht deiridh seo de Phlean Gnó 2026 a chur i láthair. Is é seo an chéad Phlean Gnó dár bPlean Corparáideach 3 bliana 2026-2028, agus ar ndóigh, leis an bPlean seo beimid ag iarraidh dúshraith láidir a leagan síos agus Foras na Gaeilge ag tabhairt faoin gcéad tréimhse chorparáideach eile. Beidh deiseanna agus dúshláin go leor roimh Fhoras na Gaeilge sna 3 bliana atá romhainn agus beidh sé tábhachtach aghaidh a thabhairt orthu i dtús na tréimhse corparáidí seo, le go mbeimid in inmhe an leas is fearr is féidir a bhaint as na hacmhainní atá againn.

Ar na deiseanna a mbeidh aird againn orthu, tá pleananna na Roinne Oideachais agus Óige: an Polasaí don Oideachas Lán-Ghaeilge agus an Plean Gnímh don Ghaeilge i scoileanna Béarla. Lena chois sin, beidh Plean Náisiúnta do Sholáthar Gaeilge san Fhoghlaim agus Cúram na Luath-Óige (ELC) agus sa Chúram Leanaí d'Aois Scoile (SAC) á chur i bhfeidhm ag an Roinn Leanaí, Míchumais agus Comhionannais. Is réimsí iad seo atá ríthábhachtach d'fhorbairt leanúnach na Gaeilge i ndlínse Rialtas na hÉireann agus a mbíonn Foras na Gaeilge gníomhach iontu. Ba chóir dúinn gach deis a thapú tacú leis na réimsí seo le linn 2026 agus ina dhiaidh sin.

Foilseoidh Coimisiún na Meán tuarascáil ar a n-athbhreithniú ar na meáin Ghaeilge, agus foilseoidh Foras na Gaeilge ár dtaighde féin ar dhearcthaí i leith na Gaeilge sa 2 dhlínse. Beimid ag iarraidh a chinntiú go mbainfear an leas is fearr is féidir as torthaí an 2 mhórthionscadal taighde sin. I ndlínse an Fheidhmeannais, oibreoimid leis an gCoimisinéir Gaeilge a ceapadh ag deireadh 2025, agus beimid ag súil leis an gcéad straitéis rialtais don Ghaeilge. Lena chois sin, déanfaidh an Roinn Oideachais athbhreithniú ar an nGaeloideachas agus ar an gcuraclam bunscoile agus meánscoile, 2 réimse a mbeidh tionchar mór acu ar fhorbairt na Gaeilge sa dlínse sin. Tabharfaimid faoi athbhreithniú iomlán ar an tionscadal oideachais Séideán Sí, i gcomhar leis an gComhairle um Oideachas Gaeltachta agus Gaelscolaíochta (COGG) agus leis an Roinn Oideachais agus Óige , agus leanfaimid den obair ar an bhfoclóir aonteangach Gaeilge a seoladh in 2025, agus ar an bhfoclóir Gaeilge-Béarla a bheidh réidh le seoladh le linn 2027. Cuirfear athruithe i bhfeidhm ar an gCur Chuige Comhpháirtíochta bunaithe ar na tuairiscí éagsúla

luachála agus athbhreithnithe a rinneadh le roinnt blianta anuas, agus reáchtálfar babhta eile den Scéim Forbartha Líonraí Gaeilge le linn 2026.

Cuireadh maoiniú mór breise ar fáil sna meastacháin bhuiséid don Ghaeilge agus don Ghaeltacht i ndlínse Rialtas na hÉireann a chuideoidh go mór le cás na Gaeilge sa phobal, agus beidh Foras na Gaeilge ag iarraidh ár bpleananna a chur in oiriúint don mhaoiniú a bheidh ar fáil. Go stairiúil, cuireadh srian ar fhorbairt eagraíochtúil Fhoras na Gaeilge de bharr nach raibh na struchtúir pholaitiúla i bhfeidhm ar feadh tréimhsí fada le linn na 26 bliain ó bunaíodh an eagraíocht. Anois, agus na struchtúir sin ag feidhmiú an athuair, beidh Foras na Gaeilge ag súil le cur le hacmhainní foirne san eagraíocht le linn 2026, deis nach raibh againn go dtí seo.. Go fóill beag, beidh béim ar na réimsí sin a bhfuil méadú mór i ndiaidh teacht ar riachtanais a bhaineann leo mar atá pleanáil teanga, comhlíontacht, slándáil agus nuálaíocht teicneolaíochta, agus feasacht agus cumarsáid. Beidh dúshláin go leor inár réimsí gníomhaíochta fosta, go háirithe mar a bhaineann leis an easpa ionaid ghníomhacha Ghaeilge i ndlínse Rialtas na hÉireann, an easpa cúraim leanaí trí Ghaeilge taobh amuigh den Ghaeltacht, agus an t-athbhreithniú ar an tSraith Shinsearach a d’fhéadfadh an Ghaeilge a bhaint den chroíchuraclam i ndlínse Rialtas na hÉireann. I ndlínse an Fheidhmeannais, beimid ag iarraidh a chinntiú go mbeidh forálacha a bhaineann leis an gCairt Eorpach um Theangacha Réigiúnacha nó Mionlaigh á gcomhlíonadh le linn d’Oifig Choimisinéir na Gaeilge dul i mbun a cúraimí.

Tacaíonn scéimeanna Fhoras na Gaeilge le níos mó ná 400 eagraíocht go bliantúil, agus beagnach a leath acu sin ina n-eagraíochtaí dírithe ar dhaoine óga. Lena chois sin, cuimsíonn obair Fhoras na Gaeilge na 9 réimse riachtanacha atá aitheanta ag Eagraíocht Oideachais, Eolaíochta agus Chultúir na Náisiún Aontaithe (EOECNA/UNESCO) le beocht teanga mionlaithe a chinntiú. Le linn 2026, beidh Foras na Gaeilge agus na 6 Cheanneagraíocht gníomhach sna réimsí sin uile, agus mar is iondúil, cuirfimid béim ar fhorbairt na Gaeilge sa phobal agus ar dheiseanna leis an nGaeilge a úsáid.

**Seán Ó Coinn**

## 2. Fúinn

In 1999 a bunaíodh Foras na Gaeilge, an comhlacht atá freagrach as an nGaeilge a chur chun cinn ar fud na hÉireann. De réir Chomhaontú Aoine an Chéasta, bunaíodh an Foras Teanga, Comhlacht Forfheidhmithe Thuaidh Theas, chun an Ghaeilge agus an Ultais a chur chun cinn. Faoi choimirce an chomhlachta sin, cuireann Foras na Gaeilge na freagrachtaí go léir i dtaca leis an nGaeilge i gcrích. I measc na bhfreagrachtaí atá orainn, tá cur chun cinn labhairt agus scríobh na Gaeilge sa saol poiblí agus príobháideach i ndlínse Rialtas na hÉireann. Tá an fhreagracht chéanna ann i ndlínse an Fheidhmeannais i gcomhthéacs na Cairte Eorpaí um Theangacha Réigiúnacha nó Mionlaigh.Is iad seo feidhmeanna Fhoras na Gaeilge, mar a leagtar amach san Acht um Chomhaontú na Breataine-na hÉireann, 1999 iad:

- An Ghaeilge a chur chun cinn.
- Úsáid na Gaeilge a éascú agus a spreagadh sa chaint agus sa scríbhneoireacht sa saol poiblí agus sa saol príobháideach i ndlínse Rialtas na hÉireann agus, i gcomhthéacs Chuid III den Chairt Eorpach um Theangacha Réigiúnacha nó Mionlaigh, i ndlínse an Fheidhmeannais mar a mbeidh éileamh cuí ann.
- Comhairle a chur ar an dá lucht riaracháin, ar chomhlachtaí poiblí agus ar ghrúpaí eile san earnáil phríobháideach agus dheonach.
- Tionscadail thacaíochta a ghabháil de láimh, agus cúnamh deontais a thabhairt do chomhlachtaí agus do ghrúpaí de réir mar a mheasfar is gá.
- Taighde, feachtais tionscnaimh, agus caidreamh poiblí agus caidreamh leis na meáin, a ghabháil de láimh.
- Téarmaíocht agus foclóirí a fhorbairt.
- Tacú le hoideachas trí mheán na Gaeilge agus le múineadh na Gaeilge.

Cuirtear na feidhmeanna sin i gcrích trí obair a dhéanann Foras na Gaeilge go díreach, trí dheontais a chuirimid ar fáil do Cheanneagraíochtaí Gaeilge agus d'eagraíochtaí Gaeilge eile, agus trí thacaíocht airgeadais a thugaimid do ghrúpaí pobail.

Mar chomhlacht trasteorann, oibrímid faoi threoir bheartais na Comhairle Aireachta Thuaidh Theas (CATT) agus an 2 rialtas agus táimid cuntasach do Thionól Thuaisceart Éireann agus do Thithe an Oireachtais. Ag leibhéal riaracháin, tuairiscímid dár Ranna Coimircíochta, an Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail agus Gaeltachta (Rialtas na hÉireann) agus an Roinn Pobal (Feidhmeannas Thuaisceart Éireann). Mar thaca don dá Rialtas, beidh Foras na Gaeilge ag obair i ndlúthchomhar leo chun forálacha reachtaíochta a bhaineann leis an nGaeilge a chur i bhfeidhm, Acht na Gaeltachta, Acht na dTeangacha Oifigiúla (Leasú) 2021, agus an tAcht Féiniúlachta agus Teanga (Tuaisceart Éireann) 2022. Beimid ag obair go dlúth leis an dá rialtas freisin ar a straitéisí don Ghaeilge sa 2 dhlínse.

## 2.1 An Cur Chuige Comhpháirtíochta


In 2013, chinn an CATT tús a chur le struchtúr nua maoinithe d'fhorbairt na Gaeilge agus an bhliain dar gcionn, d'fhógair Foras na Gaeilge 6 Cheanneagraíocht a ghlacfadh freagracht as 6 mhór-réimse oibre. Ba thoradh é an cinneadh sin ar phróiseas ar cuireadh tús leis in 2008 le comhordú agus atheagrú a dhéanamh ar obair na 19 eagraíocht Ghaeilge a bhí á maoiniú ag Foras na Gaeilge ar bhonn bliantúil. Tá na Ceanneagraíochtaí seo thíos freagrach as réimsí éagsúla oibre agus bíonn siad ag obair lena gcur chun cinn ar fud an oileáin. Cuireann Foras na Gaeilge bunmhaoiniú bliantúil ar fáil do na Ceanneagraíochtaí, faoi réir ag na hacmhainní atá ar fáil, chun clár oibre a chur i bhfeidhm.

| **Ceanneagraíocht** | **Mór-Réimse Oibre** |
|---|---|
| Gaeloideachas | Gaeloideachas/tumoideachas agus réamhscolaíocht lán-Ghaeilge |

| | |
|---|---|
| Gael Linn | Oideachas in earnáil an Bhéarla agus d'aosaigh, agus deiseanna úsáide do dhaltaí scoile |
| Glór na nGael | Forbairt pobail, tógáil teaghlaigh le Gaeilge agus forbairt na fiontraíochta |
| Oireachtas na Gaeilge | Deiseanna a thacaíonn le húsáid na Gaeilge agus le bunú gréasán do dhaoine fásta |
| Conradh na Gaeilge | Ardú feasachta, cosaint teanga agus ionadaíocht thar ceann na teanga le húdaráis stáit |
| Cumann na bhFiann | Forbairt deiseanna úsáide Gaeilge agus gréasán do dhaoine óga |

Is éard is ciall leis an 'Cur Chuige Comhpháirtíochta' ná go mbeidh na 6 Cheanneagraíocht ag obair i gcomhar le chéile ag leibhéal an phobail i dtreo fhorbairt na bpobal sin mar phobail labhartha Ghaeilge, ag pleanáil agus ag cur i gcrích a gcuid oibre i ndlúthchomhar le chéile, agus le Foras na Gaeilge ar bhealach a chuirfidh leis an leas a bhainfear as acmhainní agus a chuirfidh leis an athrú a bhainfear amach ó thaobh úsáid na Gaeilge sa phobal. Mar chuid de chinneadh na CATT, bunaíodh 2 fhóram chun tacú leis an struchtúr nua – an Fóram Comhpháirtíochta agus an Fóram Forbartha Teanga. Is é príomhchuspóir an Fhóraim Comhpháirtíochta comhpháirtíocht a chinntiú i measc na gCeanneagraíochtaí agus idir na Ceanneagraíochtaí agus Foras na Gaeilge. Is é príomhchuspóir an Fhóraim Forbartha Teanga anailís a chur ar fáil ar riachtanais na Gaeilge i mór-réimsí oibre na gCeanneagraíochtaí.

## 2.2 Ár Struchtúr Eagraíochtúil



# 3. An Comhthéacs Pleanála

Feidhmíonn Foras na Gaeilge i gcomhthéacs pleanála uile-oileáin, a chuimsíonn 2 dhlínse, 2 rialtas agus 2 chóras riaracháin éagsúla ó thaobh stádas na Gaeilge. I ndlínse Rialtas na hÉireann, táimid faoi réir ag forálacha Bhunreacht na hÉireann i leith na Gaeilge agus reachtaíocht eile a bhfuil gné shoiléir teanga ag baint léi, go háirithe Acht na Gaeltachta 2012, a rialaíonn an próiseas pleanála teanga, Acht na dTeangacha (Leasú) 2021, a rialaíonn seirbhísí poiblí trí mheán na Gaeilge agus na hachtanna oideachais.

Is é an *Straitéis 20 Bliain don Ghaeilge 2010-2030* an phríomhthreoir straitéiseach i ndlínse Rialtas na hÉireann a bhfuil tionchar aici ar ár gcuid oibre, agus feidhmímid laistigh de chreat reachtaíochta chomh maith, amhail Acht na dTeangacha Oifigiúla (Leasú) 2021 agus Acht na Gaeltachta 2012. Sa chlár reatha de chuid Rialtas na hÉireann, *Clár an Rialtais 2025 – Todhchaí na hÉireann a Dhaingniú*, dearbhaítear tábhacht na Gaeilge d'oidhreacht an stáit, deirtear go bhfuil an Rialtas tiomanta dá cosaint agus dá cur chun cinn agus gealltar bearta spriocdhírithe tacaíochta d'úsáid na teanga.

I ndlínse an Fheidhmeannais, oibrímid faoi réir na Cairte Eorpaí um Theangacha Réigiúnacha nó Mionlaigh agus na reachtaíochta nua, an tAcht Féiniúlachta agus Teanga (Tuaisceart Éireann) 2022, a thugann aitheantas oifigiúil don Ghaeilge. I gclár rialtais Fheidhmeannas Thuaisceart Éireann, *Na Rudaí is Mó Tábhacht a Dhéanamh: Clár Rialtais 2024-2027*, caitear leis an nGaeilge faoin téarma 'Daoine', a aithnítear mar cheann de 3 'mhisean fhadtéarmacha'. Tá tionchar ag reachtaíocht eile sa 2 dhlínse ar nós na n-achtanna oideachais ar ár gcuid oibre chomh maith.

## 3.1 Fís, Misean agus Bunphrionsabail

*Ráiteas Físe*

Leagann ár bhfís amach na mianta atáimid ag iarraidh a bhaint amach agus an áit a dteastaíonn uainn an Ghaeilge a bheith amach anseo.

An Ghaeilge mar theanga phobail a bheith neadaithe i ngach gné den saol ar oileán na hÉireann

*Ráiteas Misin*

Leagann ár misean amach na fáthanna a bhfuilimid ann, an sainchúram atá againn agus an t-athrú a theastaíonn uainn a dhéanamh.

Úsáid na Gaeilge agus a saibhreas cultúrtha a neartú gach áit, do gach duine, agus i ngach gné den saol

*Bunphrionsabail*

Tá 5 bhunphrionsabal nó luach aitheanta againn a threoraíonn ár gcuid oibre ó lá go lá.

| |
|---|
| **Leas na Gaeilge:** is í an Ghaeilge an dúshraith atá faoi gach rud a dhéanaimid. Is cás linn riachtanais phobail na Gaeilge agus riachtanais forbartha na Gaeilge féin. |
| **An Pobal:** táimid tiomanta do sheirbhís a thabhairt don phobal agus don stát. |
| **Ardchaighdeán:** seasaimid le hardchaighdeáin maidir le feabhsú, forbairt agus foghlaim. |
| **Meas:** cothaímid meas orainn féin mar eagraíocht agus ar an bpobal. |
| **Ceannaireacht:** seasaimid lenár mbunphrionsabail trí dhea-shampla. |

## 4. Ár Mórchuspóirí Straitéiseacha

Seo iad Mórchuspóirí Straitéiseacha Fhoras na Gaeilge don tréimhse 2026-2029. Tá na chéad 3 cinn bunaithe ar phrionsabail na pleanála teanga a bhfuil sé d'aidhm aici idirghabháil a dhéanamh chun tacú le teanga mhionlaithe ar nós na Gaeilge. Tá na Mórchuspóirí fréamhaithe chomh maith san obair mhór atá déanta ag eagraíochtaí idirnáisiúnta ar nós Chomhairle na hEorpa agus EOECNA/UNESCO. Is Mórchuspóir Eagraíochtúil é an 4ú Mórchuspóir a bhaineann le dea-rialachas, atá riachtanach chun na cinn eile a chur i gcrích.

<table>
<tr><td>MC1: Cumas Teanga<br>Daoine a chumasú leis an nGaeilge a fhoghlaim nó a fheabhsú</td><td>MC2: Úsáid Teanga<br>Tacú le daoine leis an nGaeilge a úsáid i réimsí uile an tsaoil</td><td>MC3: Stádas agus Dearcadh<br>Stádas na Gaeilge agus dearadh dearfach ina leith a threisiú</td></tr>
<tr><td colspan="3">MC4: Rialachas eagraíochtúil<br>Cloí le dea-rialachas agus scileanna agus acmhainní foirne a fhorbairt</td></tr>
</table>

**MC1: Cumas Teanga**

Is é an cumas bunchloch na pleanála teanga, mar gan inniúlacht sa Ghaeilge a bheith ag dóthain daoine, ní féidir cur le deiseanna úsáide sa tsochaí. Cuimsíonn an Mórchuspóir seo an córas oideachais, deiseanna eile foghlama agus na hacmhainní teanga (foclóireacht, téarmaíocht, aistriúchán) a thacaíonn le foghlaim agus sealbhú na Gaeilge chun gur féidir í a úsáid go forleathan. Baineann rioscaí le gach ceann de na réimsí seo ar nós maoinithe agus an caidreamh idir Foras na Gaeilge agus Ceanneagraíochtaí amhail Gael Linn, Gaeloideachas agus Cumann na bhFiann.

**MC2: Úsáid Teanga**

Tá cur chun cinn na Gaeilge agus spreagadh úsáid na teanga ar na príomhfheidhmeanna atá ag Foras na Gaeilge. Caitear cuid shuntasach de bhuiséad na heagraíochta ar an bpleanáil teanga a bhfuil sé d'aidhm aici cur le húsáid na Gaeilge i bpobail éagsúla. Déanaimid infheistíocht sna meáin chumarsáide agus san fhoilsitheoireacht chomh maith chun cur le líon na ndaoine a úsáideann ábhar meán i nGaeilge agus chun an léitheoireacht a spreagadh. Is iad maoiniú na heagraíochta, acmhainní foirne agus an caidreamh le Ceanneagraíochtaí ar nós Oireachtas na Gaeilge agus Glór na nGael na rioscaí is mó don Mhórchuspóir seo.

**MC3: Stádas agus Dearcadh**

Baineann tábhacht mhór le stádas na Gaeilge d'fhorbairt na teanga mar cothaíonn sé aitheantas agus ábharthacht chultúrtha agus éascaíonn sé bearta cinnte pleanála a chuireann bonn níos láidre faoi thacaíocht an stáit don teanga. Bíonn tionchar ag stádas ar dhearcthaí i leith na teanga chomh maith, ceann eile de bhunghnéithe na pleanála teanga ar fud na cruinne. Gan dearcadh dearfach, ní féidir na cúinsí a chruthú ina bhféadfadh duine sprioctheanga a fhoghlaim nó a úsáid. Cuimsíonn an Mórchuspóir seo feasacht i leith na Gaeilge, ról comhairleach Fhoras na Gaeilge agus taighde. Cuireann an éiginnteacht maoinithe san am atá amach romhainn leis an riosca nach mbainfear amach an Mórchuspóir seo, go háirithe trínár gcaidreamh leis an gCeanneagraíocht Conradh na Gaeilge.

**MC4: Rialachas eagraíochta**

Is Mórchuspóir Eagraíochtúil é seo atá barrthábhachtach chun na Mórchuspóirí eile a bhaint amach. Cuimsíonn rialachas eagraíochtúil struchtúr leasaithe a cheapadh d'Fhoras na Gaeilge agus athrú ar struchtúr na foirne, idir róil atá ann cheana a athbhreithniú agus riachtanais bhreise earcaíochta a aithint. Aithnímid gur gá treisiú ar ár bhfeidhmeanna acmhainní daonna agus scileanna na foirne a fhorbairt. Is í an easpa cinnteachta fadtéarmaí i mbuiséad bonnlíne Fhoras na Gaeilge an riosca is mó don Mhórchuspóir seo agus mar thoradh air sin d'fhorbairt na Gaeilge sa 2 dhlínse.

## 5. Athbhreithniú Feidhmíochta ar Phlean Gnó 2025

Tá an t-athbhreithniú feidhmíochta gairid seo ar Phlean Gnó Fhoras na Gaeilge 2025 á ullmhú i gcomhthéacs na struchtúr tuairiscithe agus monatóireachta a bhí in úsáid ar bhonn leanúnach le linn na trémhse, mar atá:

- gur chuir Foras na Gaeilge dréacht dá Phlean Gnó bliantúil faoi bhráid na n-údarás cuí gach bliain;
- gur síníodh comhaontú seirbhíse gach bliain mar chomhaontú foirmiúil idir Foras na Gaeilge agus na Ranna Coimircíochta faoi obair na bliana sin;
- go n-eagraítear cruinnithe monatóireachta rialta leis na Ranna Coimircíochta ina gcuireann Foras na Gaeilge síos go foirmiúil (i bhfoirm cáipéisíochta de réir múnlaí comhaontaithe) ar dhul chun cinn ar phleananna oibre agus ar shaincheisteanna ábhartha eile de réir mar a thiocfaidh a leithéid chun cinn;
- go n-eagraítear cruinnithe rialta den CATT ina gcuirtear tuairisc ar fáil ar dhul chun cinn ar obair na heagraíochta; agus
- go mbíonn teagmháil agus cumarsáid rialta idir Foras na Gaeilge agus na Ranna Coimircíochta.

Bliain bhríomhar spreagúil ab ea 2025 d'Fhoras na Gaeilge. As an 82 sprioc shonrach a luaitear i bPlean Gnó 2025, baineadh formhór acu amach (82%) faoi dheireadh 2025. Leagtar an-bhéim sa Phlean Corparáideach ar chúrsaí pobail agus leanadh den obair cheannródaíoch sin arís in 2025. Chaitheamar €2.7 milliún ar ghníomhaíochtaí pleanála teanga sa bhliain, agus thacaíomar le réimse leathan deontaithe ag cur imeachtaí éagsúla ar fáil don phobal – ina measc 66 féile, 7 mórimeacht ealaíon, 19 compántas drámaíochta, 79 campa samhraidh agus 79 imeacht óige iarscoile.

Léiríodh dul chun cinn mór arís in earnáil na leabhar i mbliana. D'éirigh go hiontach lenár gcomhpháirtíochtaí le grúpaí seachtracha ar nós Leabhair Pháistí Éireann agus Lá Domhanda na Leabhar chun leabhair Ghaeilge a chur i lár an aonaigh. Leanadh de rath Áis agus bhí luach €1.1 milliún ar dhíolacháin leabhar sa bhliain. Foilsíodh 79 leabhar nua le tacaíocht ó Chlár na Leabhar Gaeilge, agus d'fhreastail os cionn 50 díoltóir leabhair ar an gcéad sárthaispeántas leabhair a reáchtáladh i dtrádstóras Áis le heolas a fháil faoi scoth na leabhar Gaeilge atá ar fáil.

Bhaineamar amach clochmhíle stairiúil nuair a d’fhoilsíomar an chéad sciar d’iontrálacha an fhoclóra aonteangaigh ar Foclóir.ie i mbliana, agus leanadh den trácht ard ar Foclóir.ie (1.4 milliún cuairteoir), Téarma.ie (971,000 cuairteoir) agus Teanglann.ie (2 mhilliún cuairteoir) arís eile i mbliana. Tháinig deireadh leis an mórthionscadal taighde ar dhearcadh an phobail i leith na Gaeilge i mbliana freisin, agus foilseofar an tuarascáil go luath in 2026. Bhí cur i gcrích an phlean seo ag brath go mór ar na hacmhainní cuí a bheith ar fáil againn féin agus ag na Ceanneagraíochtaí le freastal ar an éileamh ón bpobal atá ag santú deiseanna leis an nGaeilge a fhoghlaim agus a úsáid. Fáiltíonn Foras na Gaeilge roimh an ardú mór ar bhuiséad na Gaeilge agus na Gaeltachta le haghaidh 2026, rud a chuideoidh go mór le freastal ar an éileamh atá de shíor ag méadú sa phobal.

# 6. Táscairí Feidhmíochta agus Spriocanna

Sa mhír seo, déantar ailíniú i dtábla amháin ar Mhórchuspóirí straitéiseacha, cuspóirí gnó, táscairí feidhmíochta agus spriocanna oibre do 2026.

| Mórchuspóirí straitéiseacha | Cuspóirí gnó | Táscairí feidhmíochta | Spriocanna 2026 |
|---|---|---|---|
| **MC1: Cumas Teanga** Daoine a chumasú leis an nGaeilge a fhoghlaim nó a fheabhsú | CG1: Réamhscolaíocht | An Ghaeilge a fhorbairt ag gach leibhéal den chóras oideachais sa 2 dhlínse agus i measc foghlaimeoirí fásta. | Oibreoimid leis na ranna oideachais sa 2 dhlínse agus leis an Roinn Leanaí, Míchumais agus Comhionannais chun áiseanna breise a chur ar fáil d'earnáil na réamhscolaíochta Gaeilge chun tacú le polasaithe úra oideachais agus cúraim leanaí atá le cur i bhfeidhm acu. |
| | | | Tacófar le grúpaí pobail nó eile chun soláthar naíolainne a oscailt i Líonraí agus Bailte Seirbhíse Gaeltachta (BSG). Tabharfar na geallsealbhóirí ar fad le chéile, idir Cheanneagraíochtaí agus pháirtithe eile, i gcomhthéacs an phróisis pleanála teanga. Aithneofar cuid de na BSG/Líonraí i mbliana agus déanfar pacáiste treorach a fhorbairt do ghrúpaí chun tacú leo iarratas a dhéanamh. Déanfar cás gnó leis an Roinn Leanaí agus Roinn na Gaeltachta maidir le maoiniú naíonraí sna ceantair seo. |

| | | | |
|---|---|---|---|
| | | | Leathnófar an tionscadal Scríobh Leabhar trí phoiblíocht bhreise a dhéanamh leis na hionaid oideachais ar fad timpeall na tíre agus tríd an tacaíocht a chuirtear ar fáil faoin tionscadal a leathnú amach, mar shampla ceardlanna tacaíochta a reáchtáil sna scoileanna. Glacfaidh 2 ionad oideachais breise páirt sa scéim i mbliana. |
| | | | Eagrófar cruinnithe leis an Roinn Oideachais agus Óige i ndlínse Rialtas na hÉireann chun ceist na ndíolúintí ón nGaeilge a phlé. Glacfar seasamh láidir comhairleach le hoifigigh agus leis an aos polaitiúil go ginearálta faoin gceist seo. |
| | | | Maoineofar scéim scoláireachtaí dírithe ar dhaltaí faoi 18 bliain i ndlínse an Fheidhmeannais chun 230 scoláireacht a bhronnadh. |
| | | | Déanfar cás gnó i gcomhar le Gael Linn, ar son an mhaoinithe do bhuanú Gaelbhratach le páirtithe féideartha maoinithe (Ranna Oideachais, Ranna Coimircíochta, PeacePlus, Ciste an Oileáin Chomhroinnte). Comhoibreofar le Gael Linn trí iarratais/aighneachtaí a dhéanamh maidir le maoiniú leanúnach substainteach don tionscadal Scoil Spreagtha. |

| | | | |
|---|---|---|---|
| | CG3: Gaelscolaíocht | | Trí mhaoiniú a chur ar fáil do chlár oibre Gaeloideachas, beifear in ann ról lárnach abhcóideachta a chomhlíonadh thar ceann na hearnála leis an Roinn Oideachais agus Óige agus páirtithe leasmhara eile maidir le leathnú ar an soláthar lán-Ghaeilge. Chomh maith leis sin beidh Gaeloideachas in ann seirbhísí tacaíochta a chur ar fáil don earnáil lán-Ghaeilge (m.sh. plé agus eolas a roinnt le naíonraí, bunscoileanna, iar-bhunscoileanna agus tuismitheoirí).<br>Féadfaidh Gaeloideachas leanúint lena gcuid oibre le forbairt ghairmiúil agus caighdeáin trí abhcóideacht a dhéanamh maidir le hoiliúint don earnáil agus trí chomhdháil a eagrú. |
| | | | Tacófar le cur i bhfeidhm an Pholasaí don Oideachas Lán-Ghaeilge Lasmuigh den Ghaeltacht trí ionadaíocht a dhéanamh ar an tascfhórsa um múnlaí don oideachas lán-Ghaeilge agus trí chomhairle agus ionchur le go mbainfear spriocanna an pholasaí amach. |
| | | | Forbróidh an tÁisaonad (Coláiste Ollscoile Naomh Muire, Béal Feirste) agus An Gúm tuilleadh áiseanna d’éarnáil na Gaelscolaíochta bunaithe ar riachtanais na hearnála. Déanfar sin trí mhaoiniú leanúnach a chur ar fáil don chlár |

| | | | |
|---|---|---|---|
| | | | tionscadail leis an Áisaonad le cur ar a gcumas na seirbhísí sin a thairiscint, agus go hinmheánach lenár bhfoireann eagarthóirí. |
| | CG4: Ollscolaíocht | | Chun freastal ar an éileamh ar thuilleadh céimithe le hardscileanna Gaeilge, déanfar anailís ar an soláthar reatha. Bunaithe air sin eagrófar cruinnithe le geallsealbhóirí i ndlínse Rialtas na hÉireann ar nós HEA, IUA, ETBI, Roinn Breisoideachais. Cuirfear printíseachtaí agus cúrsaí breisoideachais araon san áireamh san anailís. |
| | CG5: Foghlaimeoirí fásta | | Cuirfear maoiniú bliantúil ar fáil do chlár oibre Ghael Linn chun eolaire cúrsaí do dhaoine fásta a riar agus chun eolas a roinnt maidir le deiseanna eile foghlamtha, eolas do mhúinteoirí agus dea-chleachtas maidir le múineadh na Gaeilge d’aosaigh a chraobhscaoileadh. Cuirfear lárphointe eolais ar fáil le heolas cothrom le dáta ar chúrsaí fud fad na tíre agus soláthraithe a bheith meallta le heolas a chlárú leis an mbunachar. |
| | | | Maoineofar scéim do dhaoine fásta chun 40 scoláireacht a bhronnadh ar fhoghlaimeoirí fásta/ar thuismitheoirí a bhfuil páistí acu sa chóras Gaelscolaíochta chun freastal ar chúrsa Gaeltachta. |

| | | | |
|---|---|---|---|
| | CG6: An Curaclam | An Gúm a fhorbairt mar thacaíocht d'fhoghlaim na Gaeilge sa chóras oideachais. | Déanfar comóradh 100 bliain ar an nGúm in 2026 agus eagrófar imeachtaí ar mhaithe leis an léitheoireacht a chur chun cinn. |
| | | | Cuirfear clár athbhreithnithe agus forbartha Séideán Sí i bhfeidhm. Tá Bainisteoir Tionscadal ceaptha le hiniúchadh a dhéanamh ar na riachtanais agus le Plean Gnó a cheapadh a chuirfear faoi bhráid na ROÓ. |
| | | | Foilseofar áiseanna bunscoile. Déanfar forbairt ar an gclár Féach Thart agus cuirfear ábhar Tíreolaíochta idir shleamhnáin agus leabhair oibre ar fáil. |
| | | | Foilseofar téacsleabhair agus áiseanna iar-bhunscoile. Cuirfear téacsleabhair ar fáil sna hábhair seo a leanas: An Ealaín (Sraith Shinsearach) Teicneolaíocht Adhmaid (Sraith Shóisearach). |
| | CG7: Acmhainní Teanga | Áiseanna tacaíochta teanga a fhorbairt go leanúnach. | Cuirfear c70% den fhoclóir aonteangach ar fáil ar líne. Cuirfear cás gnó maidir le haonad buan foclóireachta faoi bhráid na Ranna Coimircíochta. Leanfar den obair forbartha ar an bhfoclóir Gaeilge-Béarla. |
| | | | Déanfar saibhriú ar réimsí téarmaíochta nach bhfuil clúdaithe chomh domhain sin sa bhunachar reatha. Socrófar réimsí ar leith faoi thús 2026. Déanfar 125 téarma nua ar a laghad a |

| | | | |
|---|---|---|---|
| | | | fhaomhadh agus a fhoilsiú sa chéad réimse téarmaíochta. |
| | | | Déanfar ábhar ar nós íomhánna, físeáin agus fuaime a thástáil le haghaidh leagan nuashonraithe den bhunachar náisiúnta téarmaíochta. Déanfar taighde agus tástáil ar cheisteanna teicniúla agus cuirfear tuairisc ar fáil faoi R4. |
| | | | Bunófar togra leathan fadtéarmach le taighde a dhéanamh ar úsáid agus cúrsaíocht na nuathéarmaíochta sa Ghaeilge. Déanfar forbairt ar an taighde a rinneadh in 2024-2025. Déanfar athbhreithniú ar an gcur chuige bunaithe ar an aiseolas. |
| | CG8: Aistriúchán | Tacú le hearnáil an aistriúcháin. | Bronnfar An Séala Creidiúnaithe d'Aistritheoirí ar dheichniúr nua le linn 2026. |
| | C9: Teicneolaíocht | An Ghaeilge a fhorbairt i gcúrsaí teicneolaíochta. | Beimid páirteach sa mheitheal chomhairleach atá á bunú ag Rialtas na hÉireann le forbairtí teicneolaíochta maidir leis an nGaeilge a chomhordú. |
| | | | Glacfaimid páirt sa phlé faoin gcaoi inar féidir leis an nuatheicneolaíocht (intleacht shaorga san áireamh) cuidiú le ceapadh agus scaipeadh na nuathéarmaíochta faofa. Cuirfimid 10 sparánacht ar fáil le haghaidh staidéar ar an ríomheolaíocht agus an teangeolaíocht. |

| | | | |
|---|---|---|---|
| **MC2: Úsáid Teanga**<br>Tacú le daoine leis an nGaeilge a úsáid i réimsí uile an tsaoil | CG1: Pleanáil teanga | Méadú agus leathnú ar líon na ndeiseanna úsáide agus na ngréasán úsáide a chuirtear ar fáil don phobal. | (i) Déanfar riar ar 16 BSG agus 5 Líonra Gaeilge; (ii) Déanfar athbhreithniú ar fheidhmíocht Scéim Forbartha Líonraí Gaeilge agus rithfear babhta úr den scéim, cuirfear le líon na ngrúpaí ag na céimeanna éagsúla bunaithe ar bhonnlíne 2026 (36 deontaí agus 28 oifigeach forbartha Gaeilge fostaithe); (iii) Cuirfear tacaíocht timireachta ar fáil do dheontaithe uile na gceantar pleanála teanga lasmuigh den Ghaeltacht; (iv) Eagrófar comhdháil ar théama na pleanála teanga mar aon le ceardlanna/ócáidí sainspéise eile. |
| | | | Comhordófar feachtas leanúnach ardú feasachta maidir leis an bpróiseas pleanála teanga lasmuigh den Ghaeltacht. Cuirfear clár timireachta ar fáil do 40+ deontaí (36 SFLG agus BSG/Líonraí). Déanfar forbairt ar acmhainní an tsuímh tairsí Gaelphobal.ie agus cuirfear leo idir fhíseáin, uirlisí, theimpléid agus phodchraoltaí. |
| | | Infheictheacht na Gaeilge sa phobal a mhéadú trí thacaíocht a chur ar fáil d'ionaid Ghaeilge agus do | Leanfar den tacaíocht mhaoinithe don 16 Ionad Gaeilge trí Scéim Tacaíochta d'Ionaid Ghaeilge ar mhaithe le céatadán de phórchostais riachtanacha a chlúdach (árachas poiblí, teas, leictreachas srl). Fógrófar babhta eile de Scéim Tacaíochta d'Ionaid Ghaeilge in 2027. |

| | | | |
|---|---|---|---|
| | | chomharthaíocht sa phobal. | |
| | CG2: Foilsitheoireacht | Foilsitheoirí agus scríbhneoirí a chumasú le leabhair a sholáthar agus a chur i láthair an phobail. | Fógrófar Scéim na gCoimisiún 2027-2029. Fógrófar Scéim Meantóireachta. Leanfar leis an gcomhpháirtíocht atá forbartha le Lá Domhanda na Leabhar. Foilseofar réimse leathan leabhar, ag díriú go sonrach ar an déaglitríocht, litríocht do pháistí sna hardranganna bunscoile agus ar an ionchuimsitheacht. |
| | | Leabhair Ghaeilge a bheith ar fáil go forleathan do na pobail éagsúla léitheoireachta, go háirithe sna ceantair pleanála teanga. | Ardófar feasacht faoi leabhair Ghaeilge trí bhranda Love Leabhar Gaeilge a chur chun cinn i siopaí leabhar. Cuirfear léirmheasanna, acmhainní agus nuacht ar fáil ar Loveleabhargaeilge.ie, ar na meáin shóisialta agus chuig síntiúsóirí an tsuímh i nuachtlitir Love Leabhar Gaeilge. Déanfar urraíocht ar Ghradam Love Leabhar Gaeilge mar chuid de Ghradam Leabhar An Post le hardán náisiúnta a thabhairt do leabhair agus scríbhneoirí Gaeilge. Féach MC2, CG3 chomh maith. |
| | | | Tógfaidh Áis ar an leathanach gréasáin nua a forbraíodh le linn 2025 (https://www.forasnagaeilge.ie/ais/) trí chóras bainistíochta ar chaidreamh le custaiméirí (CRM) nua agus suíomh ríomhthráchtála a |

| | | | |
|---|---|---|---|
| | | | fhorbairt a fhreagróidh do riachtanais na siopaí leabhar, na soláthróirí leabhar mar aon le riachtanais na rannóige féin. Déanfar cás gnó a fhorbairt chun Ard-Oifigeach Feidhmiúcháin buan a fhostú in Áis a thabharfadh aire d'fhorbairt an tsuímh, do chúrsaí teicneolaíochta agus d'fhorbairtí nua-aimseartha eile. Beidh Áis ag iarraidh an sprioc díolacháin €1 milliún a choinneáil i mbliana. Déanfar taighde maidir le conas cúrsaí ceannacháin a éascú do shiopaí leabhar i gcomhpháirt le páirtithe leasmhara. |
| | | Leabhair Ghaeilge a chur i láthair an phobail i siopaí agus ag ócáidí. | (i) Áis: forbrófar 3-4 bróisiúr in aghaidh na bliana maidir le stoc Áis le roinnt ar na siopaí leabhar. Reáchtálfar 2 shárthaispeántas leis na siopaí leabhar i dtrádstóras Áis in aghaidh na bliana; (ii) Love Leabhar Gaeilge: spreagfar díolachán trí leathanach gréasáin nua a fhorbairt agus trí chomhpháirtíocht le Love Leabhar Gaeilge; (iii) Gradaim: riarfar na Gradaim Foilsitheoireachta a chuimsíonn Gradaim Uí Shúilleabháin, Gradaim Réics-Carló agus Gradam de Bhaldraithe;<br>(iv) An Gúm: beidh seastán ag an nGúm ag comhdhálacha agus ócáidí eile. |
| | CG3: Cultúr & Óige | Tacú le himeachtaí poiblí le go mbeidh | Leanfaidh Foras na Gaeilge den tacaíocht a chuirtear ar fáil le féilte a eagrú, idir mhórimeachtaí agus fhéilte níos lú, faoi Scéim |

| | | | |
|---|---|---|---|
| | | an Ghaeilge le feiceáil sa phobal. | na bhFéilte agus Scéim na Mór-Imeachtaí Ealaíon. Eagrófar 2 ghlaoch de Scéim na bhFéilte agus tacófar le suas le 70 féile. Cuirfear tacaíocht ar fáil do 10 mórimeacht freisin. |
| | | | Faoi scáth Chlár na Leabhar Gaeilge, cuirfear deiseanna úsáide ar fáil do phobal litríochta na Gaeilge trí Scéim na Mórfhéile Litríochta, Scéim na Litríochta, Clubleabhar.com agus tionscadail chomhpháirtíochta ábhartha. Féach MC2, CG2 chomh maith. |
| | | | Leanfaidh Foras na Gaeilge den tacaíocht a chuirtear ar fáil don drámaíocht, idir phroifisiúnta agus amaitéarach. Cuirfear tacaíocht ar fáil do 9 ngrúpa drámaíochta amaitéaracha agus 10 gcinn proifisiúnta. |
| | | | Cuirfear maoiniú méadaithe ar fáil do Scéim na gCampaí Samhraidh agus Scéim na nImeachtaí Óige agus méadófar líon na ndeiseanna úsáide go mór ar bhonn leanúnach (i gcomhthéacs Scéim na nImeachtaí Óige go háirithe). Maoineofar 85 imeacht óige thar an scoilbhliain a fhreastalóidh ar 6,000 páiste. |
| | CG4: Teaghlaigh | Méadú agus leathnú ar líon na ndeiseanna úsáide agus na ngréasán | Cuirfear maoiniú ar fáil, mar chuid d'allúntas bliantúil Ghlór na nGael, chun clár oibre tacaíochta do theaghlaigh a fheidhmiú ar |

| | | | |
|---|---|---|---|
| | | úsáide a chuirtear ar fáil don phobal. | bhonn náisiúnta mar aon leis an scéim Teanga Tí. |
| | CG5: Gnó | Infheictheacht na Gaeilge sa phobal a mhéadú trí thacaíocht a chur ar fáil d'ionaid Ghaeilge agus do chomharthaíocht sa phobal. | (i) Déanfar forbairt ar an Scéim Tacaíochta Gnó. Cuirfear ciste ar fáil chun freastal a dhéanamh ar 60+ iarratas; (ii) Déanfar forbairt ar chomhpháirtíochtaí le Cumann Tráchtála na hÉireann, na cumainn tráchtála réigiúnacha agus na boird fiontair; (iii) Déanfar forbairt ar shéala an tsárchaighdeáin, Q-Mharc Gnó le Gaeilge, agus bronnfar 35 Q-Mharc. |
| | CG6: Meáin chumarsáide | Tacú le húsáid na Gaeilge sna meáin. | Leanfaidh Foras na Gaeilge den tacaíocht atá á cur ar fáil do na 3 foilseachán rialta agus don 2 stáisiúin raidió pobail Gaeilge. Déanfar athbhreithniú ar ár dtacaíocht do na meáin chraolta agus scríofa i bhfianaise athbhreithniú Choimisiún na Meán ar na meáin Ghaeilge a fhoilseofar faoi dheireadh 2025. |
| | | | Tapófar deiseanna comhpháirtíochta le meáin nuálacha leis an nGaeilge a chur chun cinn lena n-áirítear podchraoltaí trí mheán na hurraíochta. Le haontú na n-údar, tairgfear iad do na stáisiúin raidió a dtugaimid maoiniú dóibh. |
| | CG7: Údaráis áitiúla | Comhairle a chur ar lucht ceaptha polasaí ag gach leibhéal rialtais agus | Tacófar le Fóram Pleanáil Teanga na bPríomh-Oifigeach Feidhmiúcháin sna comhairlí áitiúla. Déanfar forbairt ar chúraimí Fhóram Pleanála Teanga na nÚdarás Áitiúil faoi |

| | | | |
|---|---|---|---|
| | | sna hearnálacha poiblí, príobháideacha agus deonacha agus páirt a ghlacadh i bhfóraim ábhartha idirnáisiúnta. | chomhchathaoirleacht Fhoras na Gaeilge agus Údarás na Gaeltachta, le cur leis an tseirbhís trí Ghaeilge sa rialtas áitiúil. Eagrófar 3 cruinniú den Fhóram in aghaidh na bliana d’oifigigh shinsearacha ó na húdaráis áitiúla ina bhfuil pleananna teanga á bhfeidhmiú. Féach MC3, CG2 chomh maith. |
| | CG8: Gaeilge na hAlban | Méadú agus leathnú ar líon na ndeiseanna úsáide agus na ngréasán úsáide a chuirtear ar fáil don phobal. | Leanfar leis an gcomhoibriú idir lucht labhartha na Gaeilge agus Gaeilge na hAlban trí scéimeanna tacaíochta Colmcille, An Scéim Sparánachtaí, Scéim Miondeontais Colmcille agus Scéim Tionscadal Colmcille chomh maith le roinnt tionscadal straitéiseach eile. Déanfar athbhreithniú ar Straitéis Colmcille agus foilseofar straitéis úr don tréimhse 2026-28. Reáchtálfar cruinnithe gach 2 mhí idir Colmcille agus Bòrd na Gàidhlig le hobair a chomhordú. |
| | CG9: Comhionannas & Éagsúlacht | An comhionannas agus an éagsúlacht a chur chun cinn trínár gcuid oibre. | Leanfaidh foireann an fhoclóra de bheith airdeallach ar chomhionannas agus éagsúlacht ina cuid oibre. Leanfaidh foireann na téarmaíochta de bheith ag ceapadh téarmaíochta i réimse an chomhionannais agus na héagsúlachta, i bpáirt le grúpaí mionlaigh de réir mar is cuí. |
| | | | Cuirfidh An Gúm tús le clár inrochtaineachta chun a chinntiú go bhfoilseofar leabhair i |

| | | | |
|---|---|---|---|
| | | | bhformáid inrochtana. Cinnteofar go gcuirtear foilseacháin nua ar fáil i bhformáidí inrochtana nuair is féidir agus is cuí agus leagfar amach sceideal chun na foilseacháin ar an gcúl-liosta a fhoilsiú i bhformáidí inrochtana. Tabharfar tosaíocht do na gnáthleabhair léitheoireachta. |
| | | | Tabharfar tosaíocht do ghné amháin den chomhionannas mar chuid de Creidim Ionat/feachtais feasachta eile. Féach chomh maith MC3, CG1. |
| **MC3: Stádas agus Dearcadh** Stádas na Gaeilge agus dearadh dearfach ina leith a threisiú | CG1: Feasacht | Feasacht ar obair Fhoras na Gaeilge agus ar an nGaeilge a ardú. | Reáchtálfaimid Creidim Ionat le tacaíocht ó RTÉ. Beidh sé mar sprioc ag an mórfheachtas méadú a dhéanamh ar liosta síntiúsóirí Fhoras na Gaeilge. Beidh sé mar phríomhsprioc againn méadú 10% a dhéanamh ar shíntiúsóirí Fhoras na Gaeilge agus méadú 10% ar líon na gcuairteanna chuig an suíomh gréasáin ar mhaithe le feasacht a ardú faoi obair Fhoras na Gaeilge. Díreofar go sonrach ar ranganna Gaeilge agus ar sheisiúin feasachta a chur ar fáil trí chomhoibriú le Gael Linn, Gaelchultúr, Scoil Scairte agus páirtithe leasmhara eile. Féach MC2, CG9 chomh maith. |
| | | | Úsáidfimid ár n-ardáin meán sóisialta mar uirlis tionchair chun tacú le teachtaireachtaí faoi bhuntáistí idirnáisiúnta a bhaineann leis an |

| | | | |
|---|---|---|---|
| | | | nGaeilge, ar nós stádas oifigiúil na teanga san Aontas Eorpach agus na cláir Ghaeilge ar an 3ú leibhéal i Meiriceá Thuaidh. |
| | CG2: Comhairle | Comhairle a chur ar lucht ceaptha polasaí ag gach leibhéal rialtais agus sna hearnálacha poiblí, príobháideacha agus deonacha agus páirt a ghlacadh i bhfóraim ábhartha idirnáisiúnta. | Freastalófar ar réimse fóram agus meithleacha sa phobal, sna húdaráis oideachais agus na Ranna chun tionchar a imirt maidir le polasaí na Gaeilge. Ullmhófar aighneachtaí scríofa nuair is cuí agus reáchtálfar cruinnithe ar leith chun comhairle a chur ar fáil d'oifigigh na Ranna agus na nAirí. Beidh béim ar leith ar an luathóige, ar chúram leanaí, ar an athbhreithniú ar an tSraith Shinsearach, ar pholasaí na Roinne Oideachais i ndlínse Rialtas na hÉireann ar an Oideachas Lán-Ghaeilge agus ar a bPlean Gníomhaíochta don Ghaeilge i scoileanna Béarla, ar an Straitéis don Ghaeloideachas agus ar an Straitéis don Ghaeilge i ndlínse an Fheidhmeannais, ar fheidhmiú na reachtaíochta teanga sa 2 dhlínse, agus ar rochtain pobail mhionlaigh ar an Ghaeilge. Féach MC2, CG7 chomh maith. |
| | | | Tacóidh Foras na Gaeilge le hOifig an Choimisinéara Gaeilge nua i ndlínse an Fheidhmeannais agus í ag dul i mbun na gcúraimí dúshlánacha atá roimpi. |
| | | | Oibreoidh Foras na Gaeilge le hOifig an Choimisinéara Teanga i ndlínse Rialtas na |

| | | | |
|---|---|---|---|
| | | | hÉireann chun tacaíocht a fhorbairt do sheirbhísí idirghníomhacha rialtais trí Ghaeilge. |
| | | | Leanfar le rannpháirtíocht Fhoras na Gaeilge i bhfóraim idirnáisiúnta amhail NPLD (*Network to Promote Linguistic Diversity*) agus EFNIL (*European Federation of National Institutions for Language*). |
| | CG3: Taighde | Taighde a dhéanamh faoin nGaeilge mar bhonnlíne eolais ar éifeachtúlacht ár gcuid oibre agus le tacú lenár ról comhairleach. | Foilseoimid mórthuarascáil taighde nua ar dhearcadh an phobail i leith na Gaeilge, a bheidh mar bhonn faoi straitéis na heagraíochta sna blianta amach romhainn. Déanfaimid forbairt ar Straitéis Taighde a chuimseoidh réimsí ardtábhachta: taighde ar úsáid phoiblí teangacha (mar thacaíocht don phróiseas pleanála teanga), taighde faoi úsáid na Gaeilge i gcúrsaí gnó, plean feidhmithe do thorthaí an mhórthaighde ar dhearcadh an phobail i leith na Gaeilge agus luacháil ár scéimeanna (féach MC4, CG4 chomh maith) |
| **MC4: Rialachas eagraíochtúil** Cloí le dea-rialachas agus scileanna agus | CG1: Athbhreithniú ar struchtúr na heagraíochta | Athbhreithniú a dhéanamh agus barr feabhais a chur ar pholasaithe, ar chórais eagraíochtúla, ar | Cuirfear tús le hathbhreithniú ar struchtúr Fhoras na Gaeilge i bhfianaise athruithe féideartha ar an gcóras maoinithe agus ar fhreagrachtaí foirne dá réir. Tógfar an obair seo ar an athbhreithniú seachtrach a rinneadh cheana ar Acmhainní Daonna agus riachtanais fostaíochta na heagraíochta. |

| | | | |
|---|---|---|---|
| acmhainní foirne a fhorbairt | CG2: Athbhreithniú ar róil san eagraíocht | scéimeanna agus ar thionscadail. | Déanfaidh an rannóg Acmhainní Daonna athbhreithniú ar gach ról reatha san eagraíocht de réir mar a thagann folúntais chun cinn le cinntiú go bhfuil barrúsáid á baint as na hacmhainní reatha atá againn ag gach grád. Tógfar ar an gcás gnó maidir le forbairt eagraíochtúil atá leis na Ranna Coimircíochta ó 2024, agus bunófar cás gnó eile ar an tuairisc sheachtrach ar Acmhainní Daonna, a leagann amach riachtanais gearrthéarmacha agus fadtéarmacha le gur féidir feidhmeanna reachtúla na heagraíochta a chur i gcrích. Cuirfear tús le Plean Oibre 3-5 bliana maidir le comhlíontacht na heagraíochta. |
| | CG3: Clár forbartha foirne | Feidhmeanna cuimsitheacha acmhainní daonna, airgeadais, pleanála agus tuairiscithe a sholáthar. | Forbróidh an rannóg Acmhainní Daonna clár forbartha foirne. Cuirfear oiliúint i réimsí riachtanacha san áireamh mar aon le réimsí forbartha eile ag leibhéal eagraíochtúil, rannóige agus aonair. Déanfar polasaí nua i leith Forbairt Foirne agus Feabhsú Feidhmíochta (FFFF) a fhorbairt. |

| | | | |
|---|---|---|---|
| | CG4: Athbhreithniú ar pholasaithe | Athbhreithniú a dhéanamh agus barr feabhais a chur ar pholasaithe, ar chórais eagraíochtúla, ar scéimeanna agus ar thionscadail. | Leanfar den obair mhór a rinneadh in 2025 ar uasdátú fhardal polasaithe na heagraíochta agus tabharfar tosaíocht do na polasaithe is mó a dteastaíonn athbhreithniú orthu. Tá próiséas ar bun le luacháil a dhéanamh ar scéimeanna Fhoras na Gaeilge bunaithe ar rithim 3 scéim in aghaidh na bliana. Déanfar luacháil ar 3 scéim bhreise in 2026. |
| | CG5: Pleanáil agus tuairisciú | An dea-chleachtas a chur i bhfeidhm inár bpolasaithe, inár gcórais agus inár bpróisis rialachais chorparáidigh. | Foilseoidh Foras na Gaeilge Plean Gníomhaíochta Comhionannais don eagraíocht agus déanfar athnuachan ar an Treochlár Aeráide. Déanfar comhtháthú níos iomláine agus níos éifeachtaí ar chúrsaí comhionannais agus aeráide in obair uile na heagraíochta. Cothófar feasacht sna Ceanneagraíochtaí maidir leis na riachtanais seo. |
| | | | Cuirfear tuairiscí ar fáil faoi dhul chun cinn PG 2026. Cuirfear téacs críochnúil Thuarascáil Bhliantúil & Cuntais (TB&C) an Fhorais Teanga 2025 faoi bhráid na Ranna faoi 31/03/26. Foilseofar TB&C 2024 laistigh de 3 mhí ó fhaomhadh TB&C. Déileálfar go pras le ceisteanna Oireachtais agus Tionóil agus le gearáin de réir na Cairte Seirbhíse. Próiseálfar |

| | | | |
|---|---|---|---|
| | | | iarratais ar shaoráil faisnéise agus déanfar tuairisciú ar dhualgais reachtúla. |
| | | Treisiú ar an mbonneagar tacaíochta a chuirtear ar fáil i gcomhar leis na 6 Cheanneagraíocht. | Déanfar athbhreithniú ar an gCur Chuige Comhpháirtíochta bunaithe ar thorthaí na luachála atá idir lámha. Reáchtálfar 4 chruinniú den Fhóram Comhpháirtíochta agus 4 chruinniú den Fhóram Forbartha Teanga. |

## 7. Monatóireacht, Measúnú agus Tuairisciú

Tá socruithe sainiúla ann maidir le monatóireacht, luacháil agus tuairisciú ar an bPlean Gnó atá aontaithe leis na Ranna Coimircíochta. Síníonn na páirtithe ábhartha comhaontú seirbhíse foirmiúil gach bliain a thagraíonn go sonrach don Phlean Gnó bliantúil. Anuas ar na cruinnithe den CATT, eagraítear sraith cruinnithe monatóireachta gach bliain ina gcuirtear tuairiscí foirmiúla ar fáil ar an dul chun cinn ar an bPlean Gnó do na Ranna Coimircíochta. Bíonn teagmháil rialta idir Foras na Gaeilge agus na Ranna Coimircíochta faoi ghnéithe praiticiúla den Phlean Gnó. Sa tslí sin deimhnítear go mbíonn an Plean Gnó ailínithe leis na Cláir Rialtais sa 2 dhlínse.

Tuairiscítear go foirmiúil faoi dul chun cinn ar ghnéithe ar leith den obair – mar shampla ar mhíreanna de *Straitéis 20 Bliain na Gaeilge 2010-2030,* trí na struchtúir atá bunaithe ag Rialtas na hÉireann don Phlean Gníomhaíochta 5 Bliana – agus freagraítear ceisteanna Dála agus Tionóil ar éileamh. Bíonn Foras na Gaeilge ar fáil do Choistí Oireachtais agus Tionóil i gcónaí chomh maith le tuairisc a thabhairt dóibh ar obair na heagraíochta.

# 8. Airgeadas

| An Foras Teanga - Foras na Gaeilge | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | Approved 2025 Budget | | | +/- | | | Proposed 2026 Budget | | |
| **Expenditure** | Current | Capital | Total | € change | % change | | Current | Capital | Total |
| | € 000 | € 000 | € 000 | € 000 | | | € 000 | € 000 | € 000 |
| Programme | | | | | | | | | |
| 1.Development Services including language planning (language use) | 8,763 | 0 | 8,763 | 2,669 | 30% | | 11,432 | 0 | 11,432 |
| 2.Education Services (language ability) | 3,835 | 0 | 3,835 | -249 | -6% | | 3,586 | 0 | 3,586 |
| 3.Publication/Lexicography Services (status/language use) | 0 | 0 | 0 | 2,238 | | | 2,238 | 0 | 2,238 |
| Clár na Leabhar, Colmcille, eile | 2,198 | 0 | 2,198 | 39 | 2% | | 2,237 | 0 | 2,237 |
| **Total Programme Expenditure** | **14,797** | **0** | **14,797** | **4,697** | **32%** | | **19,494** | **0** | **19,494** |
| Pay Costs (Corporate only)* | 4,341 | 0 | 4,341 | -2,975 | -69% | | 1,366 | 0 | 1,366 |
| Non Pay Administration Costs | 2,219 | 0 | 2,219 | 60 | 3% | | 2,279 | 0 | 2,279 |
| Total Pension costs | 749 | 0 | 749 | 135 | 18% | | 883 | 0 | 883 |
| Total Administration Costs (excl lump sum pension costs) | 7,310 | 0 | 7,310 | -2,781 | -38% | | 4,529 | 0 | 4,529 |
| **Overall Total Expenditure (Programme & Administration) exc lump sum pension costs** | **22,106** | **0** | **22,106** | **1,916** | **9%** | | **24,023** | **0** | **24,023** |
| | | | | | | | | | |
| Lump sum Pension Costs Foras na Gaeilge | 250 | 0 | 250 | 0 | 0% | | 250 | 0 | 250 |
| **Overall Total Expenditure (Programme, Administration, current pensions & lump sum pensions)** | **22,356** | **0** | **22,356** | **1,916** | **9%** | | **24,273** | **0** | **24,273** |
| | | | | | | | | | |
| **Funding** | | | | | | | | | |
| **NI NSMC programme funding FnaG only** | **3,879** | **0** | **3,879** | **79** | **2%** | **25.0%** | **3,958** | **0** | **3,958** |
| **IRL NSMC programme funding FnaG only** | **11,638** | **0** | **11,638** | **236** | **2%** | **75.0%** | **11,874** | **0** | **11,874** |
| | | | | | | | | | |
| NI NSMC current pension funding FnaG only | 187 | 0 | 187 | -79 | -42% | 12.3% | 109 | 0 | 109 |
| IRL NSMC current pension funding FnaG only | 562 | 0 | 562 | 213 | 38% | 87.7% | 775 | 0 | 775 |
| | | | | | | | | | |
| NI NSMC total funding FnaG only | 4,067 | 0 | 4,067 | 0 | 0% | | 4,067 | 0 | 4,067 |
| IRL NSMC tota funding FnaG only | 12,200 | 0 | 12,200 | 449 | 4% | | 12,648 | 0 | 12,648 |
| | | | | | | | | | |
| Pension lumpsum funding NI | 63 | 0 | 63 | 0 | 0% | 25.0% | 63 | 0 | 63 |
| Pension lumpsum funding IRL | 188 | 0 | 188 | 0 | 0% | 75.0% | 188 | 0 | 188 |
| | | | | | | | | | |
| NI funding Colmcille (50%) | 119 | 0 | 119 | 0 | 0% | 50.0% | 119 | 0 | 119 |
| IRL funding Colmcille (50%) | 119 | 0 | 119 | 0 | 0% | 50.0% | 119 | 0 | 119 |
| | | | | | | | | | |
| IRL funding Clar na Leabhar Gaeilge (100%) | 1,961 | 0 | 1,961 | 39 | 2% | 100.0% | 2,000 | 0 | 2,000 |
| Language planning - IRL Jurisdictional programmes | 1,566 | 0 | 1,566 | 0 | 0% | 100.0% | 1,566 | 0 | 1,566 |
| Other IRL Jurisdictional programmes | 1,480 | 0 | 1,480 | 1,429 | 97% | | 2,909 | 0 | 2,909 |
| Other income book sales / VAT refunds | 595 | 0 | 595 | 0 | 0% | | 595 | 0 | 595 |
| **Total funding** | **22,356** | **0** | **22,356** | **1,916** | **9%** | | **24,273** | **0** | **24,273** |
| **Pension lumpsums** | 250 | 0 | 250 | 0 | 0% | | 250 | 0 | 250 |
| **Projected Staff Nos** | | | **60** | | | | | | **60** |

**Assumptions/Narrative to support expenditure figures:**

***Corporate pay costs shown separately, other pay costs allocated to relevant programmes for 2026 onward**

****Lumpsum pension costs will continue to be provided in addition to administration costs and programme spend**

## An Foras Teanga - Foras na Gaeilge

| Expenditure | Approved 2025 Budget | | | +/- | | | Proposed 2026 Budget | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | Current | Capital | Total | € change | % change | | Current | Capital | Total |
| | £ 000 | £ 000 | £ 000 | £ 000 | | | £ 000 | £ 000 | £ 000 |
| Programme | | | | | | | | | |
| 1.Development Services including language planning (language use) | 7,361 | 0 | 7,361 | 2,242 | 30% | | 9,603 | 0 | 9,603 |
| 2.Education Services (language ability) | 3,222 | 0 | 3,222 | -209 | -6% | | 3,013 | 0 | 3,013 |
| 3.Publication/Lexicography Services (status/language use) | 0 | 0 | 0 | 1,880 | | | 1,880 | 0 | 1,880 |
| Clár na Leabhar, Colmcille, eile | 1,846 | 0 | 1,846 | 33 | 2% | | 1,879 | 0 | 1,879 |
| **Total Programme Expenditure** | **12,429** | **0** | **12,429** | **3,946** | **32%** | | **16,375** | **0** | **16,375** |
| Pay Costs (Corporate only)* | 3,647 | 0 | 3,647 | -2,499 | -69% | | 1,147 | 0 | 1,147 |
| Non Pay Administration Costs | 1,864 | 0 | 1,864 | 50 | 3% | | 1,915 | 0 | 1,915 |
| Total Pension costs | 629 | 0 | 629 | 113 | 18% | | 742 | 0 | 742 |
| Total Administration Costs (excl lump sum pension costs) | 6,140 | 0 | 6,140 | -2,336 | -38% | | 3,804 | 0 | 3,804 |
| **Overall Total Expenditure (Programme & Administration) exc lump sum pension costs** | **18,569** | **0** | **18,569** | **1,610** | **9%** | | **20,179** | **0** | **20,179** |
| | | | | | | | | | |
| Lump sum Pension Costs Foras na Gaeilge | 210 | 0 | 210 | 0 | 0% | | 210 | 0 | 210 |
| **Overall Total Expenditure (Programme, Administration, current pensions & lump sum pensions)** | **18,779** | **0** | **18,779** | **1,610** | **9%** | | **20,389** | **0** | **20,389** |
| | | | | | | | | | |
| **Funding** | | | | | | | | | |
| **NI NSMC programme funding FnaG only** | **3,259** | **0** | **3,259** | **66** | **2%** | **25.0%** | **3,325** | **0** | **3,325** |
| **IRL NSMC programme funding FnaG only** | **9,776** | **0** | **9,776** | **198** | **2%** | **75.0%** | **9,974** | **0** | **9,974** |
| | | | | | | | | | |
| NI NSMC current pension funding FnaG only | 157 | 0 | 157 | -66 | -42% | 12.3% | 91 | 0 | 91 |
| IRL NSMC current pension funding FnaG only | 472 | 0 | 472 | 179 | 38% | 87.7% | 651 | 0 | 651 |
| | | | | | | | | | |
| NI NSMC total funding FnaG only | 3,416 | 0 | 3,416 | 0 | 0% | | 3,416 | 0 | 3,416 |
| IRL NSMC tota funding FnaG only | 10,248 | 0 | 10,248 | 377 | 4% | | 10,625 | 0 | 10,625 |
| | | | | | | | | | |
| Pension lumpsum funding NI | 53 | 0 | 53 | 0 | 0% | 25.0% | 53 | 0 | 53 |
| Pension lumpsum funding IRL | 158 | 0 | 158 | 0 | 0% | 75.0% | 158 | 0 | 158 |
| | | | | | | | | | |
| NI funding Colmcille (50%) | 100 | 0 | 100 | 0 | 0% | 50.0% | 100 | 0 | 100 |
| IRL funding Colmcille (50%) | 100 | 0 | 100 | 0 | 0% | 50.0% | 100 | 0 | 100 |
| | | | | | | | | | |
| IRL funding Clar na Leabhar Gaeilge (100%) | 1,647 | 0 | 1,647 | 33 | 2% | 100.0% | 1,680 | 0 | 1,680 |
| Language planning - IRL Jurisdictional programmes | 1,316 | 0 | 1,316 | 0 | 0% | 100.0% | 1,316 | 0 | 1,316 |
| Other IRL Jurisdictional programmes | 1,243 | 0 | 1,243 | 1,200 | 97% | | 2,443 | 0 | 2,443 |
| Other income book sales / VAT refunds | 500 | 0 | 500 | 0 | 0% | | 500 | 0 | 500 |
| **Total funding** | **18,779** | **0** | **18,779** | **1,610** | **9%** | | **20,389** | **0** | **20,389** |
| **Pension lumpsums** | 250 | 0 | 250 | 0 | 0% | | 250 | 0 | 250 |
| **Projected Staff Nos** | | | **60** | | | | | | **60** |

**Assumptions/Narrative to support expenditure figures:**

***Corporate pay costs shown separately, other pay costs allocated to relevant programmes for 2026 onward**

****Lumpsum pension costs will continue to be provided in addition to administration costs and programme spend**